# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

**18 Lúnasa 2022** || Eagrán 110

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga...

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.**







# CIORCAL COMHRÁ CHOIS FHARRAIGE

Tháinig Ciorcal Comhrá Chois Fharraige le chéile don chéad uair i mbliana le gairid agus tá an grúpa ag dul ó neart go neart ó shin. Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga atá ina bhun. Tagann an grúpa le chéile ag oifigí na pleanála teanga in Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V), chuile Chéadaoin @ 7i.n. Tá fáilte roimh chách le haghaidh comhrá, comhluadar agus cupán caife! Tá an seisiún feiliúnach do fhoghlaimeoirí Gaeilge agus cainteoirí atá ag iarraidh a gcuid Gaeilge a chleachtadh.



# SÁRPHEILEADÓIR NA BLIANA

Comhghairdeachas le Tomás Farthing a roghnaíodh mar Sárpheileadóir na Bliana sa gCraobh Mhionúir le gairid. D'imir sé go hiontach le gairid agus é ainmnithe mar laoch na himeartha i gcluiche leathcheannais agus i gcluiche ceannais na hÉireann. Tá pobal Chois Fharraige thar a bheith bródúil as an imreoir óg.



# MO MHÁLA LEABHARLAINNE BEAG

Tá scéim álainn á reáchtáil ag leabharlanna ar fuid na hÉireann faoi láthair, áit gur féidir le gasúir a bheas ag freastal ar scoil don chéad uair i mí Mheán Fómhair, Mála Leabharlainne Beag a bhailiú ón leabharlann áitiúil, lán le féiríní deasa! Sa mhála tá trí leabhar bunaithe ar théamaí éagsúla; ag tosú ar scoil, ag déanamh cairde nua agus cúnamh agus treoir maidir le bheith compordach agus muiníneach ionat féin. Tá cárta a thugann cur síos agus léargas ar an leabharlann agus cén chaoi a oibríonn sí, cárta poist gur féidir leis na gasúir a scríobh agus a mhaisiú dá m(h)úinteoir nua agus cárta leabharlainne dá gcuid féin.

Togra álainn le na gasúir a réiteach agus a ullmhú don scoil, ar bhealach taitneamhach agus spraíúil! Is féidir mála a phiocadh suas, saor in aisce, ó do leabharlann áitiúil.






# SORCAS GERBOLA AG TEACHT GO CONAMARA

**Beidh Sorcas Gerbola, trí Ghaeilge, ar siúl ar An Tulach ón Máirt 16ú - Domhnach 21ú Lúnasa. Trí Ghaeilge a bheas máistreás an shorcais á threorú agus beidh ceoltóirí áitiúla páirteach sa leagan speisialta seo den shorcas freisin. Chomh maith le sin, beidh ceolchoirm speisialta le KÍLA agus ceoltóirí áitiúla ar siúl sa bpobal mór théis an sorcas ar an Aoine 19ú @ 8:30i.n. Agus beidh Oíche Ghrinn do dhaoine fásta ar siúl ann théis an sorcas ar an Satharn 20ú @ 8i.n. Is féidir ticéid a fháil ar líne ag www.circusgerbola.ie**

**Nó má tá níos mó eolais ag teastáil uait faoin sorcas is féidir teagmháil a dhéanamh le Gerbola ag 086 370 0620**






# Lá Spraoi Chois Fharraige

## Dé Sathairn 27 Lúnasa 2022

## Am: 12:30-2:30i.n


## Áit: Páirc na Tulaí

## Aois: 4-12 Bliain d'aois

Tá Lá Spraoi á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ar an Satharn 27ú Lúnasa. Beidh an lá spraoi, a bheas feiliúnach do ghasúir idir 4-12 bliain d'aois ar siúl ó 12:30-14:30 ag Páirc na Tulaí. Le suim a léiriú, is féidir clárú ach teagmháil a dhéanamh le ocptchoisfharraige@gmail.com nó is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le 083 010 6294 Beidh neart spraoi agus cluichí ar siúl, chomh maith le cuairt ón veain uachtair reoite!

# DO CHODLADH BEAG

Tá leabhar nua álainn, darbh ainm Do Chodladh Beag, foilsithe ag An Gúm, atá scíofa agus maisithe ag an Dr. Ann-Marie Crowe. Is í aidhm an leabhair ná leanaí agus tuismitheoirí a réiteach le cuairt a thabhairt ar an ospidéal le haghaidh obráid nó scanadh faoi ainéistéiseach. Míníonn an leabhar an próiseas agus na céimeanna a bhaineann leis. Leabhar pictiúr atá ann atá aistrithe ag  Marian agus Laoise Breathnach. Is féidir an leabhar a cheannach ar líne nó ag an siopa Cló Iar-Chonnacht, sa Spidéal.




# BOINN AIRGID D'AIFRIC & AN FHOIREANN

Comhghairdeachas ó chroí le hAifric Keogh agus a leathbhádóirí Eimear Lambe, Tara Hanlon agus Natalie Long a bhuaigh boinn airgid i gCraobhchomórtas Spóirt na hEorpa le gairid.

Bhí an comórtas ar siúl i Munchen. Bronnadh boinn óir ar fhoireann na Breataine agus tháinig An Rómháin sa tríú háit.

Maith sibh, a mhná!



# TAISPEANTAS CHOIS FHARRAIGE 2022

Ní fada anois go mbeidh Taispeántas Chois Fharraige 2022 faoi lán tseoil. Tá go leor socrúchán idir lámha faoi láthair le go mbeidh taispeántas den chéad scoth réitithe don Domhnach, 4ú Meán Fómhair. Is iomaí comórtas iontach a bheas ar siúl mar chuid den thaispeántas, idir capaillíní, caoirigh, madraí, ealaín agus grianghrafadóireacht. Le foirm iarratais a fháil, ní mór teagmháil a dhéanamh le tcfteo@gmail.com nó is féidir teagmháil a dhéanamh le 087 672 3759 maidir le foirm iarratais a sheoladh sa bpost. Glacfar le hiarratais suas go dtí 28ú Lúnasa 2022.

# ARDÁN: DEONTAS DO GHEARRSCANNÁIN

Tá sé fógartha ag TG4, Ardán agus Galway City of Film go bhfuil deontas maoinithe do ghearrscannáin á dtairiscint acu. Bronnfar maoiniú ar dhá fhoireann le gearrscannán faisnéise trí Ghaeilge a léiriú agus a sheachadadh. Tá TG4 agus Ardán ag lorg ábhar atá comhaimseartha agus a léiríonn spéiseanna agus eispéiris saoil na nglúnta éagsúla atá in Éirinn sa lá atá inniu ann. Do na hiarratasóirí a éiríonn leo, cuirfear sparántacht de €15,000 ar fáil le clár faisnéise a mhairfidh idir 10-19 nóiméad a dhéanamh. Is féidir an fhoirm agus treoirlínte iarratais a fháil ar líne ag www.ardan.ie nó teagmháil a dhéanamh le eibh@ardan.ie Glacfar le hiarratais go dtí Dé Luain 29 Lúnasa.

ARDÁN TG4 CITY OF FILM Galway CEANTAR SCANNÁN

# DOMHNACH OIDHREACHTA AG IONAD CULTÚRTHA AN PHIARSAIGH


Beidh Domhnach Oidhreachta ar bun in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh ar an 21ú Lúnasa @ 2i.n. Beidh ceol, damhsa agus amhránaíocht ar siúl ar an lá, agus beidh soláistí ar fáil freisin. Beidh saorchead isteach agus tá fáilte roimh chách! Beidh an ócáid seo ar siúl le ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain Oidhreachta 2022.




# NOCHTADH CLÚDAIGH Ó FUTA FATA

D'fhoilsigh Futa Fata nochtadh clúdaigh le gairid, do na leabhair nua de chuid Eoinín - an t-uainín álainn! 'Eoinín agus a Chairde' agus 'Eoinín ag dul a Chodladh' is ainm do na leabhair áille. 'Sí Muireann Ní Chíobháin a chuir peann le páipéar leis na scéalta seo a réiteach le híomhánna iontacha ó Róisín Hahessy. Beidh na leabhair ar fáil i mí Mheán Fómhair na bliana seo. Is féidir súil a choinneáil ar chuntas Instagram nó Facebook Futa Fata le níos mó eolais a fháil faoi na scéalta nua!




Futa Fata